

## A: MACHNAMH

Beidh tú ag féachaint ar ball ar mhír faoin mbád *Naomh Éanna*. Bí ag obair leis an duine in aice leat agus pléigí na ceistanna thíos le chéile.

1. Cad atá ar eolas agat faoin mbád sa phictiúr?



2. Conas a mhothaíonn tú nuair a fhéachann tú ar an ngrianghraf thuas?
3. Ar thug tú cuairt riamh ar Oileáin Árann? Conas a bhí an chuairt?
4. Cé mhéad oileán atá amach ó chósta na hÉireann a bhfuil **cónaí** orthu?
5. Cén t-oileán a bhfuil an daonra is mó ann?

## B: FOCLÓIR

---

1. Beidh na focail thíos le cloisteáil sa mhír ar ball. An féidir leat na leaganacha Gaeilge a aimsiú anois sula bhféachfaidh tú ar an mír? Bain úsáid as [www.focloir.ie](http://www.focloir.ie) chun cuidiú leat, más gá.

<i>to conserve, preserve:</i>	_____
<i>flank, side:</i>	_____
<i>mighty pounding of the waves:</i>	_____
<i>ferry service:</i>	_____
<i>disrepair:</i>	_____
<i>damage:</i>	_____
<i>campaigning:</i>	_____
<i>to finalise, close:</i>	_____
<i>relics:</i>	_____
<i>despite:</i>	_____

2. Féach ar an mír den chéad uair. An raibh na focail chéanna agat féin?
3. Baineadh úsáid as trí nath cainte chun *'her days are numbered'* nó *'her time is up'* a rá sa mhír. Ar chuala tú iad?
4. Bhí an leagan Béarla de GNBS, 'an Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní' sa mhír. Cad é?

## C: TUISCINT

---

Bain úsáid as na pointí seo thíos chun achoimre ghearr a scríobh faoi ábhar na míre.

- ✓ Cineál báid
- ✓ Suíomh an bháid fadó agus anois
- ✓ Feidhm an bháid fadó agus anois
- ✓ Stair an bháid
- ✓ Díobháil agus drochbhail an bháid
- ✓ Na feachtais éagsúla
- ✓ Tuairimí Mhichíl Uí Ghoill faoin mbád
- ✓ Cinniúint an bháid



## D: FEASACHT TEANGA

### 1: Cruinneas gramadaí (na treoracha)

a) Líon na bearnaí thíos. Tá sampla amháin déanta mar threoir:

An t-iarthar	ag dul siar	ag teacht aniar
An t-oirthear	_____	_____
An tuaisceart	_____	_____
An deisceart	_____	_____

b) Aistrigh na habairtí seo a leanas go Gaeilge:

- I'm going north to Belfast for the weekend.*
- Cork is in the south of the country.*
- You need to go west to see the beautiful landscape.*
- My mother is coming (east) from Galway to see me.*
- My boyfriend is coming from the north to meet me in Dublin. Then we will go south together.*

### 2: Cruinneas gramadaí (iolraí)

a) Chun an tuiséal ginideach iolra a chumadh, caithfidh a fhios a bheith agat cén t-iolra atá ag an ainmfhocal – lagiolra nó tréaniolra. Féach an sampla a bhí sa mhír: ‘*d’ainneoin na bhfeachtas*’

Má théann tú go dtí [www.teanglann.ie](http://www.teanglann.ie) agus má chuardaíonn tú an focal ‘feachtas’, seo a thagann aníos:

**feachtas**, *m.* (*gs. & npl. -ais, gpl. ~*). **1** = FEACHT1. **2.** Campaign.

*m* = masculine (firinsneach): an feachtas

*gs.* = genitive singular (ginideach uatha): airgead an fheachtais

*npl* = noun plural (iolra an ainmfhocail): na feachtais

*gpl. ~* = genitive plural (ginideach uatha): d’ainneoin na **bhfeachtas (lagiolra)**

Ciallaíonn ~ gurb ionann an ginideach iolra agus an t-ainmfhocal uatha

Cuirtear urú ar an ainmfhocal

Féach ar an sampla seo: ‘líon na dturasóirí’

**turasóir**, *m.* (*gs. -óra, pl. ~í*). Tourist.

*pl* = plural (iolra sa tuiséal ainmneach agus sa tuiséal ginideach): turasóirí/líon na **dturasóirí (tréaniolra)**


b) An bhfuil tréaniolra nó lagiolra ag na hainmfhocail thíos? Mura bhfuil tú cinnte, féach san fhoclóir.

*fear, bord, madra, páiste, cuntasóir, gluaisteán, rothar, traein*

## E: CUMARSÁID

### 1: Caint

Bí ag obair leis na daoine i do ghrúpa. Scríobhaigí amach liosta de na rudaí/áiteanna is suimiúla in bhur gceantar chun turasóirí a mhealladh chun na háite. Bíodh ar a laghad deich n-áit agaibh. Ansin, ag obair le chéile agus ag comhréiteach, cuirigí an liosta in ord tosaíochta trí uimhir a haon a chur in aice leis an rud is mó díol spéise do thurasóirí agus mar sin ar aghaidh.



bailte cois farraige, tráanna, sráidbhailte deasa, caisleáin, tithe tábhairne, bialanna, pobal cairdiúil, aibhneacha agus páirceanna, tírdhreach aoibhinn, áiseanna maithe do pháistí, cromleaca, dúnfoirt, dúnta aille, aillte mórthaibhseacha

### 2: Scríobh

Roghnaigh an rud/áit a bhí ar bharr an liosta faoi **Caint** agus déan níos mó taighde air. Scríobh cuntas gearr faoin rud sin, mar a bheadh i dtreoirleabhar taistil. Is leor deich líne. Téigh go dtí an suíomh [www.heritageireland.ie](http://www.heritageireland.ie) chun spreagadh a fháil, más gá. Féach ar an sampla seo, atá bunaithe ar shliocht faoi Chaisleán Chill Chainnigh, a bhí ar an suíomh sin.

#### **Caisleán Chill Chainnigh**

Tógadh Caisleán Chill Chainnigh sa dara haois déag, agus bhí sé mar cheannáras ag na Buitléaraigh, ar feadh beagnach 600 bliain. Tháinig fás ar Chill Chainnigh mar chathair bhríomhar rathúil faoi cheannas na mBuitléarach. Is féidir an t-atmaisféar bríomhar sin a bhrath fós sa lá atá inniu ann.

Rinneadh athchóiriú ar an gcaisleán sa ré Victeoiriach. In 1969, ghlac Stát na hÉireann seilbh air go foirmiúil agus ó shin í leith tá mórobair athchóirithe déanta air. Anois, tugann na mílte turasóirí cuairt air gach bliain. Sa bhloc láir, tá leabharlann, parlús, naíolann, agus seomraí codlata atá maisithe san áilleacht a bhain leis na 1830idí, chomh maith leis an ngailearaí pictiúr álainn.

## AN SCRIPT

---

### Siún Nic Gearailt

Tá an *Naomh Éanna*, seanbhád farantóireachta Árann ar a dé deiridh i mBaile Átha Cliath. Is mó feachtas a bunaíodh le tríocha bliain chun an bád a chaomhnú agus a thabhairt thar n-ais<sup>1</sup> go dtí an Ghaillimh<sup>2</sup> arís. Ach, tá sí tite ar a cliathán anois agus an chuma ar an scéal go bhfuil a port seinnte ar deireadh.

### Donncha Ó Murchú

Chaith bád *Naomh Éanna* breis is tríocha bliain ag imeacht siar agus aniar ó Oileáin Árann. Tuairteáil thréan na dtionta á seasamh aici, ag freastal ar phobal an oileáin. Cuireadh deireadh leis an tseirbhís farantóireachta sa bhliain 1989, áfach, agus tugadh aniar ón nGaillimh í go Duga na Canálach Móire i mBaile Átha Cliath, áit a bhfuil drochbhail uirthi ó shin.

Le déanaí, áfach, tharla cor eile i scéal an bháid, nuair a d'iompaigh sí ar a taobh san uisce. Tá an chuma ar an scéal anois, ón díobháil atá déanta, go bhfuil a port seinnte. Ábhar mór díomá do mhuintir Árann a bhí ag súil go dtabharfaí slán lá éigin í.

### Micheál Ó Goill, Cathaoirleach Chomharchumann Inis Mór

Níl duine ar bith ag iarraidh bád a fheiceáil caite mar atá sí anois, nó ón méid a chonaic mé sna pictiúir, ach is dóigh go bhfuil sé i bhfad ródheireanach a bheith ag smaoineamh ar chaoi a chur uirthi anois, ó nár cuireadh aon chaoi uirthi cheana.

### Donncha Ó Murchú

Os cionn cúig bliana ó shin chuaigh Sam Field Corbett i mbun feachtais, ag moladh go ndéanfaí músaem, óstán nó caifé de bhád *Naomh Éanna*. Theip ar an ngrúpa tacaíochta dóthain airgid a bhailiú, áfach, agus ní fhéadfaí na pleananna a thabhairt chun críche. Tá an suíomh ina bhfuil bád *Naomh Éanna* suite faoi láthair ar léas ag NAMA agus níl ráite acu go fóill cad é atá beartaithe anois leis an mbád.

### Micheál Ó Goill, Cathaoirleach Chomharchumann Inis Mór

D'fhéadfaí, b'fhéidir anois, na hiarsmaí, agus na scéalta agus na físeáin, na pictiúir uilig<sup>3</sup> a bhaineann léi agus fiú amháin ag dul siar go dtí an bád a bhí roimpi, an *Dun Aengus*, é a úsáid mar oifig fáilte, leis na hoileáin a chur in aithne don chúig mhilliún turasóir a thagann fríd<sup>4</sup> Bhaile Átha Cliath. Is dóigh go mbeadh seans maith rud mar sin a dhéanamh agus bheadh fáilte roimhe sin, cheapfainn.

### Donncha Ó Murchú

D'ainneoin na bhfeachtas caomhnaithe a bhí ag bailiú nirt le blianta beaga anuas, tá bád Naomh Éanna iompaithe ar a taobh i nDuga na Canálach Móire. Tá an chuma ar an scéal go bhfuil a rás rite, ar deireadh thiar thall, agus nach rachaidh sí siar go deo arís.

Donncha Ó Murchú, Nuacht TG4.

---

<sup>1</sup> thar n-ais = leagan canúnach de 'ar ais'

<sup>2</sup> ' Leagan oifigiúil: *Gaillimh*. *An Ghaillimh* a deirtear i nGaeilge na Mumhan

<sup>3</sup> uilig = leagan canúnach de 'uile'

<sup>4</sup> fríd = leagan canúnach de 'trí'

## NÓTAÍ & FREAGRAÍ

### A: MACHNAMH

Cuir gach triúr ina suí le chéile agus abair leo na ceisteanna a phlé le chéile. Pléigh na freagraí a bhí acu leis an rang iomlán. 28 oileán a bhfuil daoine ina gcónaí orthu. Bhí 762 de dhaonra ar Árainn de réir dhaonáireamh 2016, an daonra is mó ar aon oileán.

### B: FOCLÓIR

1. An stór focal:

<i>to conserve, preserve</i>	a chaomhnú
<i>flank, side</i>	cliathán
<i>mighty pounding of the waves</i>	tuairteáil thréan na dtionta
<i>ferry service</i>	seirbhís farantóireachta
<i>disrepair</i>	drochbhail
<i>damage</i>	díobháil
<i>campaigning</i>	i mbun feachtais
<i>to finalise, close</i>	a thabhairt chun críche
<i>relics</i>	iarsmaí
<i>despite</i>	d'ainneoin

2. Tabhair deis do na foghlaimoirí na focail a d'aimsigh siad féin a chur i gcomparáid leis na focail a bhí sa mhír.
3. 'ar a dé deiridh', 'tá a port seinnte', 'tá a rás rite'.
4. NAMA: *National Asset Management Agency*.

### C: TUISCINT

Féach an script.

### D: FEASACHT TEANGA

#### 1: Cruinneas gramadaí (na treoracha)

a) Féach:

An t-iarthar	ag dul siar	ag teacht aniar
An t-oirthear	ag dul soir	ag teacht anoir
An tuaisceart	ag dul ó thuaidh	ag teacht aduaidh
An deisceart	ag dul ó dheas	ag teacht aneas

b) Féach:

*I'm going north to Belfast for the weekend.*

Tá mé ag dul ó thuaidh go Béal Feirste don deireadh seachtaine.

*Cork is in the south of the country.*

Tá Corcaigh i ndeisceart na tíre.

*You need to go west to see the beautiful landscape.*

Caithfidh tú dul siar chun an tírdhreach álainn a fheiceáil.

*My mother is coming (east) from Galway to see me.*

Tá mo mháthair ag teacht aniar ó Ghailimh le mé a fheiceáil.

*My boyfriend is coming from the north to meet me in Dublin. Then we will go south together.*

Tá mo bhuachaill ag teacht aduaidh chun casadh liom i mBaile Átha Cliath. Rachaidh muid ó dheas le chéile ansin.



## 2: Cruinneas gramadaí (iolraí)

Féach:

fear – lagiolra  
bord – lagiolra  
madra – tréaniolra  
páiste – tréaniolra  
cuntasóir – tréaniolra  
gluaisteán – lagiolra  
rothar – lagiolra  
traein – tréaniolra

## Cumarsáid

### 1: Caint

Roinn an rang i ngrúpaí agus léigh trí na treoracha ar fad le bheith cinnte go dtuigeann na foghlaimeoirí cad atá le déanamh. Tabhair tamall dóibh plé a dhéanamh ar na háiteanna is fearr ina gceantar chun turasóirí a mhealladh chun na háite. Caithfidh siad ansin an liosta a chuir siad le chéile a chur in ord tosaíochta. Pléigh na smaointe a bhí ag na grúpaí ar fad tar éis tamail.

### 2: Scríobh

Abair leo ansin taighde a dhéanamh ar an áit/rud a bhí ar bharr an liosta a bhí acu faoi **Caint**. Iarr ar na foghlaimeoirí alt an-ghearr a scríobh faoin áit/rud sin mar a bheadh i dtreoirleabhar turasóireachta. Tá an sampla ann mar threoir amháin. Iarr orthu an méid a scríobh siad a léamh amach don rang.

*Curtha ar fáil ag*



**Ollscoil  
Mhá Nuad**  
Ollscoil na hÉireann  
Má Nuad

**Lárionad  
na Gaeilge**  
Taighde, Teagasc  
& Tástáil

*le tacaíocht ó*

An Chomhairle um Oideachas  
Gaeilge & Gaelscolalochta



**An Roinn Turasóireachta, Cultúir,  
Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán**  
Department of Tourism, Culture,  
Arts, Gaeltacht, Sport and Media

